



Ag Tógáil don Todhchaí

**Plean Forbartha Seirbhíse le haghaidh Leabharlann Chill Dara
2025 - 2029**

Clár Ábhair

Teachtaireachtaí Fáilte	07
Athbhreithniú ar na Ceithre Bliana Dheireanacha	10
Riachtanais an Phobail sa Lá atá Inniu ann, i gComhthéacs	13
Ag Tógáil don Todhchaí	14
Ár nDúshlán agus ár bhFís	16
Forbhreathnú ar an Suirbhé Poiblí	18
7 Réimse Lárnacha le Forbairt	20
01: Ábhar a Athbheochan	22
02: Teagmháil a Dhéanamh	24
03: Scéalta agus Cruthú Áite	26
04: An Saol Réadúil / An Domhan Digiteach	28
05: An Fhoireann a Chumasú	30
06: Forbairtí Caipitil	32
07: Ár nDomhan a Chothú	34
An Próiseas Comhairliúcháin	40
Aguisín: Tábla de Ghníomhaíochtaí Straitéiseacha	44

A group of people are seated at a long, light-colored wooden table in a workshop or office setting. They are focused on their work, with many using laptops. The table is cluttered with various items including white mugs, numerous colorful sticky notes (yellow, pink, orange), and printed documents. The background is slightly blurred, showing more people and office equipment. The overall atmosphere is one of collaborative work and productivity.

**Nearraithe
ag ár
bhFoireann**

**Seirbhísí a chur in
Oiriúint don Phobal**



An Clr. Kevin Duffy

Cathaoirleach Chontae Chill Dara

Mar Mhéara Chomhairle Contae Chill Dara, táim thar a bheith bródúil as “Ag Tógáil don Todhchaí”, Plean Forbartha Seirbhíse le haghaidh Leabharlann Chill Dara 2025 - 2029 a chur i láthair. Déanann an plean seo cur síos ar chreat straitéiseach Chomhairle Contae Chill Dara chun seirbhísí leabharlainne a fhorbairt agus a fheabhsú do mhuintir Chill Dara i gcaitheamh na gcúig bliana amach romhainn.

Ní hamháin gur áiteanna iad leabharlanna poiblí Chill Dara chun leabhair a fháil ar iasacht; feidhmíonn siad mar ionaid phobail dhinimiciúla a chuireann foghlaim, cruthaitheacht agus nasc sóisialta chun cinn chomh maith. Is straitéis uaillmhianach fhorásach í “Ag Tógáil don Todhchaí” a fhéachann le rochtain, úsáid agus infheictheacht leabharlanna poiblí a fheabhsú mar sheirbhís ríthábhachtach pobail. Is aidhm leis bplean seo áiseanna leabharlainne nua ar ardchaighdeán a chruthú a léiríonn cáilíocht na seirbhísí a chuirtear ar fáil, agus chomh maith leis sin feabhas a chur ar rochtain, síneadh a chur le huaireanta oscailte agus seirbhísí digiteacha a fheabhsú.

Tá an plean forbartha leabharlainne nua seo fadbhreathnaitheach agus tógann sé ar oidhreacht an phlean deirid agus ar ar foghlaimíodh as. Forbraíodh na cuspóirí tar éis comhairliúcháin phoiblí fhairsing le páirtithe leasmhara poiblí, lena n-áirítear ionadaithe tofa. Féachann sé le bacainní rochtana atá ann cheana féin a shárú, bealaí nuálacha a fhiosrú le pobail nua úsáideoirí leabharlainne a spreagadh, foireann leabharlainne a chumasú chun seirbhísí feabhsaithe a sholáthar, agus ról agus láithreacht na leabharlainne sa phobal a neartú.

Gabhaim buíochas le foireann na leabharlainne as a dtiomantas agus a ndíograis chun tabhairt faoi na dúshláin iomadúla atá romhainn. Tá na Comhaltaí Tofa agus mé féin ag tnúth le bheith ag obair go dlúth leo agus déanfaimid ár ndícheall tacú leis an Leabharlannaí Contae agus lena foireann chun spriocanna “Ag Tógáil don Todhchaí” a sheachadadh ar feadh théarma na Comhairle.

“Is ionann an leabharlann agus croí an tsaoil phoiblí. Is i leabhair ár leabharlann atá teacht againn ar eolas agus ar thuairimí, ach is iad a ghríosann muid le dul sa tóir ar thuilleadh eolais agus tuairimí dár gcuid féin a cheapadh, rud a mhéadaíonn ar ár bhfiosracht, rud a spreagann oscailteacht intinne, ar mhaithe linn féin, lenár gcairde agus lenár bpobail.”

An tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn



Sonya Kavanagh

Príomhfheidhmeannach

Tá lúcháir orm “Ag Tógáil don Todhchaí” a chur i láthair, Plean Forbartha Sheirbhís Leabharlainne Chill Dara 2025-2029, a leagann amach na cuspóirí maidir le forbairt ár leabharlanna do na cúig bliana atá romhainn. Féachann sé le forbairt pobail a chothú tríd an gcumhachtú agus tríd an ionchuimsiú ar bhealach inbhuanaithe.

Ceapadh “Ag Tógáil don Todhchaí” ar lorg comhairliúchán fairsing le páirtithe leasmhara Chontae Chill Dara. Is é seo an chéad uair a bhfuil iarracht chomh cuimsitheach déanta againn éisteacht le haiseolas an phobail ar ár seirbhísí leabharlainne agus freagairt dá réir. Mar thoradh air sin, tá tuiscint níos doimhne againn anois ar conas is féidir leis an tseirbhís tionchar dearfach a imirt ar chaighdeán saoil daoine.

Ó rinneadh an Plean Forbartha Leabharlainne deiridh, tá feabhsuithe suntasacha tagtha ar Sheirbhís Leabharlainne Chill Dara. Níl aon sampla níos fearr de seo ná Leabharlann agus Ionad Cultúir nua an Náis, nár thóg i bhfad air nó go bhfuil sé ina mhol bríomhar le haghaidh rannpháirtíocht pobail agus cultúrtha, atá suite go lárnach i gcroílár an bhaile.

Cuirfidh an Plean Forbartha Leabharlainne nua feabhsuithe breise ar fáil, lena n-áirítear pleananna do leabharlann nua i gClonadh agus Leabharlann nua an Droichid Nua, Cartlann agus Ionad Cultúrtha Chontae Chill Dara, atá ceaptha le go ndéanfaidh sé freastal ar dhaoine, atá ag dul i méid, agus a bhfuil riachtantais éagsúla acu, agus le go dtacóidh sé lenár bpobail nua.

Cé go mbeidh dúshlán agus athrú de shíor ag teacht ar an teicneolaíocht, is aidhm le Seirbhís Leabharlainne Chill Dara freagairt d’fhás daonra suntasach agus do riachtanais cheann de na daonraí óga is mó fás in Éirinn. Leagann an plan seo amach go huailmhianach conas a rachfar i ngleic leis na dúshlán seo. I gcroílár an phlean seo tá bunluachanna na saoirse intleachta, na héagsúlachta, an chuimsithe shóisialta agus na hinrochtaineachta. Tá an plan seo á threorú ag príomhchuspóirí náisiúnta, agus ag an am céanna ag leagan amach spriocanna áitiúla tábhachtacha ó thaobh ballraíochta leabharlainne, foirgnimh agus seirbhísí.

Táim ag tnúth leis an bplan seo a chur i bhfeidhm go rathúil le tacaíocht ó chomhaltaí tofa Chomhairle Contae Chill Dara, baill den phobal, ár bhfoireann, agus ár gcomhpháirtithe. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Leabharlannaí Contae agus le foireann uile na leabharlainne as a dtiomantas agus a ndíograis go dtí seo, agus leanfaidh mé ag tacú leo agus iad ag obair i dtreo a gcuid spriocanna agus cuspóirí a bhaint amach thar na cúig bliana atá romhainn.



Gillian Allen

Leabharlannaí an Chontae

Ó foilsíodh Plean Forbartha Leabharlann Chill Dara roimhe seo, “Ath-Shlánaigh, Ath-Dhírigh, Ath-Fhuinnmhigh” in 2020, tá éachtaí suntasacha bainte amach. Leag COVID-19 béim ar luach na leabharlann laistigh dár bpobail agus ar an ard-mheas atá orthu. Ó shin i leith, seoladh straitéis náisiúnta nua do na leabharlanna poiblí, ‘Is í an Leabharlann an Áit’, in 2023, ag díriú ar thrí phríomhthéama: Daoine, Spásanna agus Naisc. Is aidhm lenár bPlean Forbartha nua le haghaidh Leabharlann Chill Dara go mbeidh sé ina léiriú ar na téamaí sin agus go gcinnteofar go mbeidh Leabharlann Chill Dara ar thús cadhnaíochta i dtaca le cuidiú le spriocanna na straitéise náisiúnta a bhaint amach.

Sna cúig bliana amach romhainn, tá sé mar aidhm againn na cuspóirí uailmhianacha atá leagtha amach in “Ag Tógáil don Todhchaí” Plean Forbartha na Seirbhíse Leabharlainne Chill Dara 2025-2029 a chur i bhfeidhm. Tógfaimid ar ar bhaineamar amach roimhe seo agus rachaimid i ngleic le riachtanais ár bpobail, riachtanais a bhíonn ag athrú i gcónaí agus riachtanais a aithníodh trí phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin, próiseas ina n-úsáidtear modh smaoineoireachta atá dírithe ar an úsáideoir féin. Tríd an Smaoineoireacht Dearaidh, is é an sprioc atá againn ná dul i ngleic leo siúd nár shroicheadar cheana, éisteacht lena gcuid smointe, agus ár nasc leis an bpobal a leathnú.

I measc na bpríomhthionscnamh tá forbairt foirgnimh leabharlainne nua, ardteicneolaíocht a chomhtháthú, agus inbhuanaitheacht comhshaoil a chur chun cinn. Oibreoimid freisin ar ár mbailiúcháin a shaibhriú, nasc idirghlúine a chothú, agus na cultúir éagsúla laistigh dár bpobal a cheiliúradh. Agus é sin á dhéanamh againn, tá sé mar aidhm againn ár leabharlanna a dhéanamh ní hamháin mar ionaid eolais, ach ina spásanna cuimsitheacha ina mothaíonn gach duine go bhfuil fáilte rompu agus go bhfuil meas orthu.

Gabhaim buíochas ó chroí leis an bPríomhfheidhmeannach, le Foireann Bainistíochta Sinsearaí Chomhairle Contae Chill Dara, leis na Comhaltaí Tofa, lenár bhfoireann leabharlainne, lenár gcomhpháirtithe straitéiseacha, agus leis na páirtithe leasmhara ar fad a chuir leis an bplan uailmhianach seo.

I gcomhar le chéile, tógfaimid todhchaí níos gile ná riamh do Chill Dara, agus déanfar cinnte de go gcoinníonn ár leabharlanna orthu ag tabhairt spreagadh do dhaoine, ag cur oideachas orthu, ag nascadh ár bpobail ar feadh na nglúnta atá le teacht.

Achoimre ar na 4 bliana deiridh 2020-2024

Ó 2020 go 2024, tháinig athrú ó bhonn ar Sheirbhís Leabharlainne Chill Dara i ngach réimse agus seirbhís. Cé go raibh dúshlán iomadúla ag baint le COVID-19, spreag sé dul chun cinn suntasach teicneolaíochta freisin. Mar a deir an seanfhocal, “múineann gá seift”. Mar gheall ar riachtanais liteartha a bhí ag teacht chun cinn, ar riachtanais eile nárbh iad, agus maoiniú breise a cuireadh ar fáil, fágadh go raibh pobal úsáideoirí ní b’fhorleithne ann le tairbhe agus le húsáid a bhaint as ár gcuid bailiúcháin. Spreag na héigeandálaí athraithe aeráide agus bithéagsúlachta réimsí eile fócais don chlárú.

Teicneolaíochtaí Faisnéise

Le linn na tréimhse seo, chuireamar Spydus i bhfeidhm, Córas nua Bainistíochta Leabharlainne náisiúnta a chuir go mór lenár gcumas oibriúcháin. Rinneamar feabhsuithe suntasacha freisin ar ár n-aip leabharlainne agus rinneamar athdhearadh iomlán ar ár suíomh gréasáin leabharlainne. Uasghrádú ar líonra 15 brainse le freastalaí nua chun rochtain phoiblí thar níos mó ná 200 ríomhaire inár gcuid brainsí go léir a bhainistiú ar bhealach níos fearr. Tacaíodh leis seo le tabhairt isteach ballaí dóiteáin Meraki MX agus uasghrádú ar ár seirbhísí Wi-Fi poiblí. Leathnaíomar príontáil féinseirbhíse SurfBox chun brainsí páirtaimseartha a chuimsiú, ag soláthar áiseanna

príontála ríthábhachtacha ar fud an phobail. Athrú mór eile ab ea tabhairt isteach córas Áirithinte PC nua ar a dtugtar Netloan. Córas níos ilúsáide a ligeann do bhaill áirithint a dhéanamh iad féin agus seisiúin a leathnú iad féin. Úsáideann sé prótacal roghnaithe a sheasann an aimsir - Creat Cumarsáide na Leabharlainne (LCF) chun comhéadan a dhéanamh le Spydus.

Seirbhísí Léitheoirí - Tionscnaimh Ceart chun Léamh

Aistríodh Féile Léitheoirí Chill Dara go formáid iomlán ar líne in 2020 agus ghlac sí samhail hibrídeach ó 2021 go dtí 2022. Bhí raon aionna suntasacha ag an bhféile, ina measc Patrick Freyne, Annemarie Ní Churreáin, Cauvery Madhavan, Honorée Fanonne Jeffers, Sue Rainsford, Kit Fryatt, Lynn Buckle, Rosaleen McDonagh, agus Oein DeBhairduin.

Bhog Scéalaíocht san Earrach, Réaltaí Samhraidh, Féile Leabhar na bPáistí agus Am Teaghlaigh i do Leabharlann ar líne in 2020, agus ó 2021 i leith, tá siad tar éis bogadh chuig samhail hibrídeach ina réachtáiltear formhór na n-imeachtaí go pearsanta, ach cuirtear cuid acu ar fáil ar líne freisin. Bhí os cionn 4,700 páiste ag Leabharlanna Chill Dara páirteach i Réaltaí Samhraidh in 2024!

Thugamar isteach tionscnamh nua do dhaoine óga agus do dhaoine fásta, Éire ag Léamh, a tugadh isteach in 2021 a spreagann gach duine a bheith tiomanta don léitheoireacht gach Feabhra. D’óstáil Leabharlanna Chill Dara roinnt imeachtaí iontacha d’Éire ag Léamh, lena n-áirítear Kerri Ní Dochartaigh agus Manchán Magan (2021), Emma Donohue (2022), agus Caoilinn Hughes (2023), i measc eile.

Seoladh tionscnamh na Leabharlainne Bige chomh maith in 2021. Don chéad dá bhliain dhírigh tionscnamh na Leabharlainne Bige ar atógáil an nasc idir an leabharlann agus Ionaid Luathfhoghlama Chill Dara ar cuireadh isteach air le linn na paindéime. Ó 2022, rinne an tseirbhís leabharlainne Mo Mhála Leabharlainne Beag do leanaí a bhí ag tosú ar an mbunscoil a dháileadh. Tá os cionn 4,800 páiste tar éis Mo Mhála Leabharlainne Beag a fháil ina bhfuil leabhair chun iad a ullmhú le tosú ar scoil. Tugadh isteach An Leabharlann Bheag Ag Am Luí in 2023 agus chuir leabharlanna leabhar scéalta ag am luí ar fáil do gach leanbh faoi bhun cúig bliana d’aois. Tháinig breis agus 1,000 leanbh isteach sa leabharlann den chéad uair nuair a tugadh isteach na tionscnaimh seo.

Cláir agus Imeachtaí

Rinne an tseirbhís leabharlainne aistriú suntasach chuig cláir ar líne le linn na paindéime, agus de réir a chéile tá sí tar éis filleadh ar imeachtaí hibrídeacha agus imeachtaí i láthair go pearsanta.

I measc na gclár ar fud an chontae i gCill Dara tá ETIEM, BTO (Bréagán, Teicneolaíocht, Oiliúint), Labhraímis faoin dTuismitheoireacht, POP! Cumhacht na hImeartha, Féile Léitheoirí Chill Dara, Féile na Léitheoirí Óga, Seimineár Míleata na hÉireann, Naisc tríd an Litríocht, agus an Clár Scríbhneoir Cónaithe le hOllscoil Mhá Nuad.

In 2022, bhunaigh an tseirbhís leabharlainne Foireann Chláraithe um Ghníomhú ar son na hAeráide chun tionscnaimh a bhaineann leis an aeráid a chomhordú ar fud an líonra. Tionscadal ar leith a bhí ann ná Leabharlann Siolta Chill Dara a chruthú; cnuasach de shíolta orgánacha le pailniú oscailte atá ar fáil do bhaill na leabharlainne ‘ar iasacht’ agus le húsáid chun a gcuid glasraí, luibheanna agus bláthanna inite féin a fhás. Bhí sraith ceardlann oideachais agus imeachtaí malartaithe síolta pobail ag gabháil leis an tionscnamh seo.

POP! Is clár tiomnaithe é Cumhacht na hImeartha, a seoladh in 2022, do leanaí an-óg agus a dtuismitheoirí, atá dírithe

ar dheiseanna sóisialta breise a sholáthar i ndiaidh na paindéime. Áiríonn an clár imeachtaí ceoil, damhsa, scéalaíochta, ETIEM agus céadfacha ar ardchaighdeán a réachtáiltear i seacht bpríomhleabharlann Chill Dara.

Cartlanna agus Staidéar Áitiúil Chontae Chill Dara

Lean foireann Chartlainne agus Staidéar Áitiúil Chontae Chill Dara le clár cuimsitheach gníomhaíochtaí a réachtáil mar chuid de chlár Deich mBliana na gCuimhneachán sa tréimhse 2020-2023. I gcomhpháirtíocht le Coiste Deich mBliana na gCuimhneachán Chomhairle Contae Chill Dara, eagraíodh raon leathan imeachtaí, taispeántais, comhráite agus ceardlanna i gcomhar le grúpaí pobail áitiúla ar fud an chontae. Rinneadh na bailiúcháin staidéir áitiúla a atheagrú ar mhaithe le hinrochtaineacht níos fearr, le hiarrachtaí leanúnacha chun na hábhair fhairsinge a chatalógú chun rochtain phoiblí níos fearr agus cumais taighde a éascú.

Cuireadh foilseacháin shuntasacha ar nós ‘War of Independence and the Civil War in County Kildare’ agus ‘Remembrance: The World War I Dead of Co. Kildare’ ar fáil saor in aisce i gcraobhacha agus trí chóip dhigiteach ar BorrowBox.

Bhain réimse cainteoirí le Seimineáir Mhíleata na hÉireann, ag déanamh iniúchadh ar oidhreacht mhíleata Chill Dara agus na hÉireann, agus aistríodh na seimineáir seo go formáid dhigiteach in 2020 agus 2021 de bharr na paindéime, tá imeachtaí ina dhiaidh sin tar éis filleadh ar chruinnithe pearsanta sa Droichead Nua. Rinne an Chartlann uasghrádú freisin ar bhogearraí bhailiúcháin Axiell agus lean iarrachtaí ar aghaidh le bailiúcháin a chatalógú agus a chaomhnú. Rinneadh feabhsuithe suntasacha ar leathanaigh na Cartlainne agus Ginealais ar ár suíomh gréasáin, a raibh ábhar nua agus ábhair digitithe iontu. Leathnaíomar ár leathanach gréasáin Cartlainne ar Líne, ag digitiú agus ag uaslódáil doiciméid stairiúla suntasacha, lena n-áirítear Leabhair Thíolacadh an Ard-Ghiúiré agus leabhair Mhiontuairiscí Aontas Dhlí na mBocht, atá inrochtana ar fud an domhain anois.

Forbairtí Caipitil

Buaicphointe mór ab ea oscailt Leabharlann agus Ionad Cultúir nua an Náis in 2024. Tá spásanna fairsinge laistigh agus lasmuigh atá deartha le haghaidh raon leathan gníomhaíochtaí cultúrtha agus oideachais san áis úrscothach seo, rud a léiríonn céim shuntasach chun cinn inár dtiomantas seirbhísí pobail a fheabhsú. Áirítear leis an ionad: 1,275m² de spás laistigh agus 923m² de spás réimse poiblí lasmuigh, Spás Saothair le trí printéir 3T, gearrthóir léasair, gearrthóir vinile, printéirí néalúcháin, agus roinnt innill fuála san áireamh. Dánlann Ealaíne saintógtha, trí Sheomra Staidéir agus córas áirithe chun é seo a bhainistiú. Áis Spásanna Athraithe, trí sheomra cruinnithe, spás na gcéadfaí, agus Seomra nua-athchóirithe atá feistithe leis an trealamh closamhairc is déanaí, lena n-áirítear scáileán teilgeora mór agus cumais chomhdhála gréasáin.

Bhí roinnt obair athchóirithe ag teastáil go géar ar leabharlann Bhéal Átha an Tuair le rindreáil aoil a athphlástráil. Thug sé seo deis iontach do shainchontraitheoir an teicníc thraidisiúnta seo a thaispeáint don phobal áitiúil.

Tugadh faomhadh faoi Chuid 8 do leabharlann nua i gClonadh agus Leabharlann nua an Droichid Nua, Ionad Cartlainne agus Cultúrtha Chontae Chill Dara sa Droichead Nua le linn na tréimhse seo, a cheadódh dul chun cinn agus muid ag dul ar aghaidh lenár bplean forbartha leabharlainne nua.

Ár nDomhan a Chothú

I mí Dheireadh Fómhair 2022, bunaíodh Foireann Chláraithe Aeráide Leabharlanna Chill Dara chun ailíniú le cuimsiú an rialtais de leabharlanna poiblí sa Phlean Forfheidhmithe Náisiúnta do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2022-2024. Tá an fhoireann comhdhéanta d'fhoireann leabharlainne ó bhairsí agus leibhéil éagsúla saineolais, agus tá an fhoireann á dtiomáint ag comhthiomantas do shaincheistanna tábhachtacha mar bhithéagsúlacht, athrú aeráide, ceartas sóisialta agus oidhreacht. Le creideamh láidir i ról na leabharlainne mar mhol don oideachas, don ghníomhaíocht agus don chomhroinnt acmhainní, tá na struchtúir reatha méadaithe ag an bhfoireann chun freastal níos fearr a dhéanamh ar úsáideoirí agus ar an bhfoireann araon. Le dhá bhliain anuas, tá seisiúin oiliúna, ceardlanna agus imeachtaí saor in aisce curtha ar fáil acu, agus iad ag comhoibriú go minic le saineolaithe áitiúla.

I measc na bpríomhthionscnamh, mar a luadh thuas, bhí Leabharlann Siolta Chill Dara, le ceardlanna ar spáráil siolta agus garraíodóireacht

éiceolaíoch, siúlóidí bogaigh ceoil, priontáil inbhuanaithe do leanaí, agus taispeántais chócaireachta de bhia phlandabhuanaithe agus bia a fhoinsítear go háitiúil. Chuimsigh ceardlanna eile a cuireadh ar fáil le linn Sheachtain na hOidhreacht cothabháil rothar, deisiú éadaí agus ceardaíocht oidhreacht. I measc na mbuaicphointí breise tá Tob-sheisiúin de chuid Scoil na Foraoise, a reáchtáiltear go dátheangach, leideanna Nollag atá neamhdhíobhálach don timpeallacht, oiliúint foirne ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, cúrsa ar conas maireachtáil ar bhealach inbhuanaithe, agus imeachtaí atá dírithe ar an aeráid mar thaispeántais scannáin, ceardlanna scríbhneoireachta, agus Lá na Léitheoirí Aeráide. D'eagraigh an fhoireann comhráite freisin ar bhithéagsúlacht, seisiúin plandaithe atá neamhdhíobhálach do phailneoirí, agus chuir siad eolas ar fáil ar ábhair ar nós foraoisí beaga agus fuinneamh inbhuanaithe.

Leabharlanna Aoisbháula

Tar éis obair fairsing, suirbhéanna, staidéir insiúlta, iarratais ar mhaoiniú, agus comhoibriú a dhéanamh, bhain leabharlanna uile Chill Dara stádas Aoisbháil amach faoi 2023.



Na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (2015), Na Náisiúin Aontaithe



Leabharlann Siolta Chill Dara (2024), Seirbhís Leabharlainne Chill Dara



An Clár Aoisbhá Áitiúil (2023), Comhairle Contae Chill Dara

Riachtanais an Phobail sa Lá atá Inniu ann, i gComhthéacs

Dúshláin Phobail, Shochaíocha agus Dhomhanda

Tá ár leabharlann i gcoilár ár bpobal, agus tá a rathúlacht ag brath ar oiriúnú do shochaí atá ag athrú de shíor. De réir mar a thagann samhlacha, luachanna agus creidimh soch-chultúrtha chun cinn, ní mór do leabharlanna fanacht dinimiciúil ina gcuid seirbhísí. Tá roinnt príomhdhúshlán aitheanta againn:

Deighilt Idirghlúine sa tSochaí

Bíonn riachtanais agus ionchais éagsúla ag glúnta éagsúla ó leabharlanna. D'fhéadfadh go mbeadh luach ag úsáideoirí óga ar acmhainní digiteacha agus ar spásanna staidéir nua-aimseartha, agus d'fhéadfadh go mbeadh meas ag daoine breacaosta ar bhailiúcháin thraidisiúnta agus ar áiteanna ciúine. Tá sé rithabhachtach na difríochtaí seo a dhúnadh lena chinntiú go bhfanann leabharlanna cuimsitheach agus go bhfreastalaíonn siad ar gach aoisghrúpa. Mar a thug duine amháin faoi deara, “D'fhéadfadh todhchaí leabharlanna a bheith lán le féidearthachtaí, ach is é an braistint chómhuintearais a chuideoidh leo a bheith rathúil, go háirithe agus iad ag tabhairt aghaidh ar eipidéim an uaigneas i measc na hóige.”

Easaontas atá ag Fás

Cruthaíonn polarú méadaitheach na sochaí dúshlán do leabharlanna, a bhfuil sé mar aidhm acu fanacht mar spásanna neodracha agus cuimsitheacha. Is féidir le coinbhleachtaí teacht chun cinn mar gheall ar easaontais maidir le hábhair agus clár. Tá inní ar leith tugtha faoi deara ag an bhfoireann a bhaineann le díospóidí ábhair agus scaipeadh na mífhaisnéise. Cuireann sé seo go mór leis an mbrú atá ar leabharlanna a ról mar fhoinsí iontaofa faisnéise a choinneáil. Chuir ball foirne amháin inní in iúl, ag rá, “Tá bréagaisnéis scanrúil.”

Dúshláin sa Chumarsáid

Bíonn sé dúshlánach freastal ar gach cuid den phobal mar gheall ar roghanna cumarsáide éagsúla agus an deighilt dhigiteach. D'fhéadfadh sé nach mbeadh baint ag úsáideoirí óga le modhanna traidisiúnta ar nós clár fógraí, agus d'fhéadfadh go dteipfeadh ar chumarsáid dhigiteach freastal orthu siúd a bhfuil easpa rochtana idirlín nó scileanna acu. Mar a thug úsáideoir amháin faoi deara, “Ní raibh aon tuairim agam cá mhéad a bhí ar siúl go dtí gur thosaigh

mé ag teacht go dtí an leabharlann. Cuireann an leabharlann go leor rudaí ar fáil a mbeadh spéis ag daoine iontu, ach níl aon chumarsáid ag freastail orthu.” Tá béim curtha ag an bhfoireann ar an ngá atá le hábhair mhargaíochta níos soiléire agus níos inrochtana chun rannpháirtíocht a mhéadú.

An ‘Ganntanas Mór Ama’

Le saolta gnóthacha nua-aimseartha, bíonn níos lú ama ag daoine cuairt a thabhairt ar leabharlanna nó páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí leathnaithe. Mar sin, bíonn siad ag súil le seirbhísí níos éifeachtaí agus níos áisiúla. Cuireann an ‘Ganntanas Ama Mór’ seo brú ar leabharlanna a dtairiscintí a chuíchóiriú chun go n-oireann siad do sceidil ghnóthacha, rud a éilíonn athmhachnamh ar sheirbhísí traidisiúnta.

Dícheangal idir Ballraíocht agus Úsáid

Cé go bhfuil méadú ag teacht ar úsáid na leabharlainne, ní léiríonn líon na mball traidisiúnta an treocht seo i gcónaí. Faigheann go leor úsáideoirí rochtain ar sheirbhísí leabharlainne gan chlárú go foirmiúil mar chomhaltaí, rud a fhágann go mbíonn dícheangal idir líon iarbhair na n-úsáideoirí gníomhacha agus na staitisticí ballraíochta oifigiúla. Thug an fhoireann faoi deara, “Tá úsáid na leabharlainne ag dul i méid ach níl an bhallraíocht.” Ina theannta sin, léirigh siad gur minic a bhíonn idirdhealú idir an chaoi a gcaitear le baill ar líne i gcomparáid leo siúd a úsáideann leabharlanna fisiceacha. Cruthaíonn an dícheangal seo dúshláin agus iarracht á déanamh tionchar na leabharlainne a thomhas agus an tacaíocht riachtanach a fháil.

Cuid den mhéid a chualamar

“Ghlac mé ballraíocht le bliain anuas. Is seirbhís iontach í. Ní raibh a fhios agam go raibh sé saor in aisce, cad a bhí ar fáil agus ní raibh a fhios agam an tseirbhís iontach nach raibh aon teacht agam uirthi go dtí seo Sílim gur cheart seirbhísí leabharlainne a chur chun cinn níos mó.”

“Is ionad pobail í ár leabharlann, a chuireann áit ar fáil do dhaoine de gach aois nasc a dhéanamh – bíodh sé trí mheán na litríochta nó trí chomhráite duine le duine. Tá sé mar chroílár mharthanais ár bpobal.”

“Ba mhaith liom dearcadh na leabharlann a fheiceáil ag athrú inár bpobail - níl siad taobh le háiteanna seanchaite chun leabhair dheannacha a fháil, is spásanna pobail riachtanacha iad a chuireann seirbhísí ar fáil agus a sholáthraíonn áiteanna sábháilte inrochtana do chách.”

Ag Tógáil don Todhchaí

An Leabharlann mar an tríú háit: cataleáoch daonlathach don athrú.

Soláthraíonn an coincheap “tríú háit” timpeallacht le haghaidh comhoibriú, caidreamh, agus inspioráid - áit nach mbíonn aon tionchar ag fachtóirí ar nós do chuid airgid, do stádas nó do chúla. Áitíonn Oldenburg¹ go bhfuil an tríú háit riachtanach do shochaithe bríomhara, ag tairiscint ‘athbhríoch spioradálta a neartaíonn agus a athbheonn an pobal’. Feidhmíonn na háiteanna seo mar “ancairí” i saol an phobail, ag spreagadh idirghníomhaíochtaí níos leithne agus níos cruthaithí. I bhfocail eile,

“Is é an tríú háit ná spás a ligeann tú do scíth go poiblí ann, áit a bhfeiceann tú duine de do lucht aitheantais, agus áit a mbuaileann tú le daoine nua. Cuireann an t-ailtire Aat Vos², spreagtha ag Oldenburg, an cheist: “Conas is féidir linn tríú háiteanna a úsáid chun idirghníomhaíochtaí fiúntacha a chothú agus sochaí shláintiúil, chomhtháite a thógáil do chách?”

In ionad díriú go hiomlán ar ár smaointe féin ar cad ba cheart a bheith i leabharlanna, ní mór dúinn éisteacht le riachtanais na bpáirtithe leasmhara, cad é atá á lorg ag pobal na ndéagóirí - atá deacair a mhealladh go minic, agus foghlaim ón earnáil tráchtála, a bhíonn ar an eolas go minic ó thaobh rannpháirtíocht na ngrúpaí seo. Ba cheart go mbeadh an cumas ag an leabharlann a bheith ina ‘seomra suite na cathrach’.

Tá an chaoi a gcuirtear an leabharlann i láthair ríthábhachtach.

Is minic a bhíonn ár n-institiúidí cathartha sean, gruama nó ró-‘institiúideach’. Ba chóir go mbeadh sé mar aidhm ag an leabharlann a bheith ina spás dínimiciúil, nua-aimseartha a léiríonn an ceannródaíocht.

Ba chóir go mbeadh an leabharlann ina spás inar féidir linn muid féin a chur in iúl go saorálach agus éalú ónár saol gnóthach. Áit le scíth a ligean, le súgradh agus le cruthú. Chun a thaispeáint go hiomlán cé muid i ndáiríre. Dúirt Schiller¹ ina ‘On the Aesthetic Education of Man’ “ní bhíonn duine chomh dílis leis féin agus atá sé agus é ag súgradh.”

Scríobh Eric Klinenberg,¹ socheolaí eile agus údar “Palaces for the People: How Social Infrastructure Can Help Fight Inequality, Polarisation, and the Decline of Civic Life”:

“Is áiteanna iad leabharlanna inar féidir le daoine a bhfuil cúlraí, paisin agus spéiseanna éagsúla acu a bheith páirteach i gcultúr beo daonlathach. Is iad seo na cineálacha áiteanna inar féidir leis na hearnálacha poiblí, príobháideacha agus daonchairdiúla comhoibriú le chéile chun rud éigin níos airde ná an bunlíne a shaothrú. . . Má tá seans ar bith againn sochaí níos fearr a atógáil, is é bonneagar sóisialta cosúil leis an leabharlann a theastaíonn uainn.”

Léiríonn a chuid taighde go bhfuil rath na gcomharsanachtaí agus na bpobal ceangailte go dlúth le láidreacht a mbonneagar sóisialta. Tagann an teideal as frása a d’úsáid Andrew Carnegie chun cur síos a dhéanamh ar a fhís do leabharlanna poiblí mar áiteanna áille, éirimiúla a dhéanann an saol níos fearr do gach duine. Ba cheart go mbeadh rochtain ar leabharlanna bunaithe ar rud amháin: a bheith daonna. (Ar ndóigh ceadaímid madraí cúnaimh isteach inár bhfoirgnimh agus b’fhéidir róbait má bhíonn siad dea-bhéasach)

Is spás cainéil í an leabharlann agus an t-ionad cultúrtha - ag feidhmiú mar ‘dhéantóir áite’, áit atá ilfheidhmeach agus a théann in oiriúint do riachtanais an úsáideora, áit a bhfuil sé mar ról aici cáilíocht na beatha a fheabhsú, cibé acu trí oideachas, caitheamh aimsire, cultúr, samhlaíocht nó taiscéalaíocht.

¹ Oldenburg, R., 1989. The Great Good Place. New York: Paragon House.

² Vos, A., 2017. How to create a relevant public space. Amsterdam: trancityxvaliz.

¹ Schiller, F., 1795. On the Aesthetic Education of Man. London: Yale University Press.

¹ Klinenberg, E., 2018. Palaces for the People: How Social Infrastructure Can Help Fight Inequality, Polarisation, and the Decline of Civic Life. New York: Crown.

Ár nDúshlán

Le linn ár dtaighde ar fad chuireamar ceisteanna chun cabhrú linn ráitis láidre cuspóra agus físe a shainiú. Dúirt ár bpobail agus ár bhfoireann linn go n-aithníonn siad an tábhacht a bhaineann leis an méid a dhéanaimid, ach chuir siad in iúl freisin an t-athrú mór agus an iliomad dúshlán atá roimh ár sochaí. In aimsir a bhfuil an chuid athraithe caithfimid tabhairt faoi athmhachnaimh, athshamhlú agus obair le chéile chun ár gcuspóir a thuiscint, agus a bheith uailmhianach faoi na rudaí a bhfuilimid ag iarraidh a bhaint amach dúinn féin.

Cad a deir daoine

Tá leabharlanna ann chun meon na ndaoine a leathnú agus chun raon féidearthachtaí a chur ar fáil dóibh – chun oideachas a chur ar fáil, chun iad a spreagadh agus dúshlán a thabhairt dóibh, chun iad a chur ag smaoineamh. Chomh maith le deiseanna áineasa agus cruthaitheacha a thairiscint, bealaí a sholáthar le haghaidh fáis agus folláine phearsanta. Tá leabharlanna ann chun pobal a thabhairt le chéile, chun spás fócasach, lárnach, neodrach, cuimsitheach, cairdiúil agus fáiltiúil a chur ar fáil inar féidir le daoine teacht le chéile, a gcuid smaointe a roinnt agus a ndearcadh a leathnú.



Ár bhFís

Féachann Seirbhís Leabharlainne Chill Dara le nasc pobail a bhrú chun cinn, teagmháil a dhéanamh lenár sochaí ilchineálach cultúrtha agus é a chomhtháthú, pobail a nascadh agus a chur ar an eolas in aghaidh na deighilte sóisialta, meas agus nasc idirghlúine a chur chun cinn, teagmháil a dhéanamh lenár bpobal uile agus iad a shaoradh trí eolas, teicneolaíocht agus spás a sholáthar saor in aisce.

Ar bhonn níos leithne, déanaimid ár ndícheall a bheith ábhartha i ndomhan atá ag athrú de shíor. A chinntiú go leanann ár seirbhísí ag freastal ar na riachtanais faisnéise agus saibhriú a dhéanamh ar shaol na ndaoine agus na bpobal a chónaíonn agus a oibríonn i gCill Dara agus sna ceantair máguaird.

Seirbhís Leabharlainne Chill Dara

Suirbhé Poiblí de réir Uimhreacha



7 Réimse Lárnacha le Forbairt

1

Ár mBailiúcháin
Ábhar a Athbheochan

2

Ár bPobal
Teagmháil a Dhéanamh

3

Ár n-Oidhreacht
Scéalta agus Cruthú Áite

4

Ár Spásanna
An Saol Réadúil /
An Domhan Digiteach

5

Ár bhFoireann
Ag Tacú Lenár bhFoireann

6

Ár mBonneagar
Forbairtí Caipitil

7

Ár dTimpeallacht
Ár nDomhan a Chothú

Ár mBailiúcháin

Ábhar a Athbheochan

Tá forbairt shuntasach déanta ar Leabharlanna Chill Dara, ag dul níos faide ná iasachtú leabhar traidisiúnta chun tairiscintí digiteacha a chuir ar fáil, ar nós ríomhleabhair, ríomh-chlosleabhair, cluichí ríomhaire, DVDanna, agus rogha cuimsitheach de sheirbhísí agus d'ábhar ar líne – ár ríomhsheirbhísí. Sa lá atá inniu ann, beidh Spásanna Saothar atá feistithe le teicneolaíocht nua-aimseartha ar nós priontáil 3T, gearrthóirí léasair agus innill fuála i measc ár leabharlanna. Tá an éabhlóid seo ag teacht leis an dul chun cinn tapa sa teicneolaíocht agus ionchais athraitheacha an phobail, ag tabhairt deis dúinn ár mbailiúcháin a athnuachan agus rud a mheallann pobail nua.

Léitheoireacht a Dhéanamh Níos Sásúla tríd an Leabharlann Phoiblí

Tá méadú tagtha ar tharraingteacht an chluichithe, rud a fhágann gur eispéiris mhealltach iad gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith leamh. Trí eilimintí cosúil le cláir cinn riain iomaíocha agus duaiseanna a ionchorprú, déantar gníomhaíocht thairbheach agus thaitneamhach don léitheoireacht.

“Dúshlán léitheoireachta. Má léann tú leabhair X gheobhaidh tú duais, mar shampla”, a mholann múnla ina n-aithnítear éachtaí sa léitheoireacht go hiarbhrí.



Príomhréimse béime

Is é an príomhaidhm atá againn ná an léitheoireacht a dhéanamh níos taitneamhaí ach í a chluichiú, le heilimintí duaise agus gné iomaíoch a ionchorprú inti, rud a mhéadóidh líon na léitheoirí ar deireadh.



Ár gcur chuige maidir le rath a bhaint amach

Dearfaimid dúshlán léitheoireachta agus córais duaise a spreagann rannpháirtíocht leanúnach, rud a fhágann gur eispéireas níos sásúla í an léitheoireacht.

Daoine a Chur ag Smaoineamh

I ré na mífhaisnéise sa lá atá inniu ann, tá ról ríthábhachtach ag Leabharlanna Chill Dara maidir le smaointeoireacht chriticiúil agus litearthacht sna meáin a chur chun cinn. Mar mhoil faisnéise coimeáda le foireann shaineolach, tá leabharlanna in ann dul i ngleic le mífhaisnéis mar fhoinsí iontaofa fírinne. Tá sé níos tábhachtaí ná riamh úsáideoirí a chumasú chun ábhar a mheas go criticiúil ar gach ardán. **“Aontaíonn nó aontaíonn go láidir 82% de dhaoine gur cheart don leabharlann oibriú chun dul i ngleic le mífhaisnéis”** rud a aibhsíonn an gá atá le leabharlanna chun tuiscint an phobail a threorú.



Príomhréimse béime

I gcomhpháirtíocht leis an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus le gairmithe litearthachta na meán cuirfimid modhanna chun cinn chun cabhrú le húsáideoirí fíorais a fhíorú agus mífhaisnéis a threorú, rud a chuirfidh ar a gcumas cinntí eolasacha a dhéanamh.



Ár gcur chuige maidir le rath a bhaint amach

Déanfar an rath a thomhas de réir ár gcumas treoracha agus uirlisí éifeachtacha a sholáthar a chuideoidh le húsáideoirí measúnú criticiúil a dhéanamh ar chruinneas na faisnéise a fhaigheann siad, arna oiriúnú dá nósanna tomhaltais meán.

Litearthacht do Chách

In ainneoin an dul chun cinn, is dúshlán fós í an litearthacht i sochaí na hÉireann, agus tá ról ríthábhachtach ag Leabharlanna Chill Dara chun dul i ngleic leis seo trí thionscnaimh náisiúnta agus trí chláir áitiúla. Ón bhfeachtas ‘Ceart chun Léamh’ go Féile Léitheoirí Chill Dara, déanaimid ár ndícheall tacú leis an litearthacht i ngach earnáil den phobal. Tá sé ríthábhachtach ár mbailiúcháin a leathnú chun ábhair do dhaonraí éagsúla a chuimsiú, lena n-áirítear teangacha seachas Béarla agus acmhainní don phobal LADT+ agus pobail néaréagsúla. **“Aontaíonn nó aontaíonn go láidir 93% de dhaoine go bhfuil sé tábhachtach litríocht a sholáthar do gach cuid den tsochaí”,** rud a léiríonn ár dtiomantas don uilechuimsitheacht.



Príomhréimse béime

Dírímid ar thacú le hiarrachtaí litearthachta cuimsitheacha agus ar ár mbailiúcháin a leathnú chun freastal ar gach ball den phobal.



Ár gcur chuige maidir le rath a bhaint amach

Leanfaimid de bheith rannpháirteach i gcláir léitheoireachta agus litearthachta agus á bhforbairt, ag cur lenár mbailiúcháin - de réir ár mBeartas Forbartha Bailiúcháin - chun raon níos leithne d'ábhair ilchineálacha cultúrtha agus teanga a chuimsiú.

Ár bPobal

Teagmháil a Dhéanamh

Feidhmíonn Leabharlanna Chill Dara mar mhoil phobail rithábachtacha, ag tabhairt raon leathan grúpaí le chéile. In ainneoin sin, níl go leor úsáideoirí ionchasacha ina mbaill fós. Tá sé mar chuspóir againn feachtas agus rannpháirtíocht a mhéadú ar fud na bpobal go léir laistigh de chreat na leabharlainne.

An Próiseas Ballraíochta a Shimpliú

Tá buntáistí suntasacha ag baint le ballraíocht leabharlainne, ach cuireann bacainní ar nós próisis chasta bac ar úsáideoirí a chlárú agus a athnuachan. Tá sé rithábachtach an próiseas a shimpliú. Soláthróidh ballraíocht iomlán láithreach ar chlárú ar líne rochtain ar raon leathan seirbhísí. **"Mothaíonn baill ar líne mar bhaill den dara grád"**, Cé gur féidir le ballraíocht ar líne rochtain láithreach a thabhairt ar ríomhleabhair agus ar ríomhsheirbhísí eile is gá dul chuig leabharlann chun 'ballraíocht iomlán' a fháil agus na doiciméid áirithe a theastaíonn. Cuireadh in iúl go bhfuil feabhsú de dhíth. Is díol suntas é go dtacaíonn **86% de dhaoine le próiseas simplí clárúcháin ar líne**, rud a léiríonn an t-éileamh ar rochtain a nuachóiriú cosúil le seirbhísí eile ar líne.



Príomhréimse béime

Dírímid ar nósanna imeachta ballraíochta a nuachóiriú trí dheireadh a chur le bacainní atá as dáta, ionas gur féidir a bheith i do bhall iomlán ó áit ar bith.



Ár gcur chuige maidir le rath a bhaint amach

Déanfaimid athchóiriú ar an bpróiseas clárúcháin reatha agus úsáidfimid smaointeoireacht dearaidh chun modh clárúcháin níos tarraingtí a thabhairt isteach, rud a éascóidh rochtain níos éasca ar bhallraíocht leabharlainne.

Guth na hÓige

Tá sé rithábachtach dul i ngleic le daoine óga, agus tá sé mar aidhm ag comhpháirtíocht le heagraíochtaí óige a nguthanna a mhéadú i bpolasaithe agus i seirbhísí leabharlainne, ar nós Féile do Dhéagóirí. Léiríonn suirbhéanna go n-aontaíonn **88% de na freagróirí gur cheart do leabharlanna nasc níos fearr a chruthú le scoileanna.**



Príomhréimse béime

Is é ár bhfócas straitéiseach ná daoine óga a chumasú le hardán ina leabharlanna.



Ár gcur chuige maidir le rath a bhaint amach

Comhoibreoimid le comhairlí óige chun cláir agus imeachtaí cosúil le féilte a chomhordú, ag tabhairt ról bríoch do dhaoine óga i ngníomhaíochtaí leabharlainne.

Naisc a Dhéanamh

Is nascóirí rithábachtacha pobail iad ár leabharlanna a chlothaíonn idirghníomhaíochtaí idirghlúine agus ilchultúrtha. Is féidir rannpháirtíocht an phobail a leathnú trí thacaíocht a thabhairt do ghrúpaí mar chlubanna peile áitiúla agus ciorcail chnótála. Léirigh **73% de na daoine a ndearnadh suirbhé orthu suim in imeachtaí pobail comhcheangailte**, rud a chuir béim ar an bpoitínseal do leabharlanna feidhmiú mar mhoil le haghaidh idirghníomhaíochtaí grúpa éagsúla.



Príomhréimse béime

Cuirfimid caidreamh siombóiseach chun cinn i measc grúpaí pobail éagsúla chun comhleasanna a fheabhsú.



Ár gcur chuige maidir le rath a bhaint amach

Trí chomh-imeachtaí a eagrú inar féidir le grúpaí pobail scéalta a roinnt agus comhoibriú le chéile, cuirfimid le tuiscint agus spiorad pobail.

Naisc Idirghlúine

Tá ról lárnach ag Leabharlanna Chill Dara chun an deighilt dhigiteach a dhúnadh idir daoine óga a thuigeann an teicneolaíocht, agus na glúnta atá níos sine. Feabhsaítear litearthacht dhigiteach agus scileanna traidisiúnta nuair a chruthaítear spásanna chun scileanna a roinnt. **"Tá eagla ar roinnt daoine teicneolaíocht nua a úsáid"**, ach tá meas ag **81% ar imeachtaí idirghlúine**, rud a léiríonn dúil láidir pobail sna hidirghníomhaíochtaí seo.



Príomhréimse béime

Is é ár bpríomhfócas ná foghlaim idirghlúine agus malartú scileanna a chothú.



Ár gcur chuige maidir le rath a bhaint amach

Trí imeachtaí a óstáil inar féidir le daoine óga agus le daoine aosta múineadh agus foghlaim óna chéile, déanfaimid an deighilt ó ghlúin go glúin a dhúnadh go héifeachtach.

Gach Cultúr a Cheiliúradh

Tá ár bpobail ag éirí níos ilghnéithí, agus mar sin tá sé riachtanach timpeallachtaí cuimsitheacha a chruthú a cheiliúrann gach cultúr chomh maith lenár gcultúr. Tacú le comhtháthú agus cuimsiú sóisialta. Ní hamháin go neartaíonn an cur chuige seo comhtháthú sóisialta ach saibhríonn sé creatlach cultúrtha ár seirbhísí leabharlainne.



Príomhréimse béime

Oibreoimid chun riachtanais agus roghanna cultúrtha gach úsáideoir pobail a thuiscint chun cláir a fhorbairt a cheiliúrann agus a chomhtháthaíonn cultúir éagsúla.



Ár gcur chuige maidir le rath a bhaint amach

Trí imeachtaí agus cláir uilechuimsitheacha cultúrtha a reáchtáil, féilte cultúrtha náisiúnta agus áitiúla. Éascóimid tuiscint agus meas cultúrtha níos fearr i measc úsáideoirí uile na leabharlainne.

